

**JULIE MORRISSY AGUS
AEDÍN NÍ BHRÓITHE CLEMENTS,
EAGARTHÓIRÍ**

**AISTRIÚCHÁIN LE:
JULIE BREATHNACH-BANWAIT
CELIA DE FRÉINE
OLA MAJEKODUNMI
CAITRÍONA NÍ CHLÉIRCHÍN
URSULA NÍ CHOILL
CLÍODHNA NÍ CHORRÁIN
ANNEMARIE NÍ CHURREÁIN
ÉILÍS NÍ DHUIBHNE
CIARA NÍ É
CLÍONA NÍ RÍORDÁIN**

**MNÁ AGUS
RÉABHLÓID
NA hÉIREANN**

Reabhlóid!

**JULIE MORRISSY AGUS
AEDÍN NÍ BHRÓITHE CLEMENTS,
EAGARTHÓIRÍ**

**AISTRIÚCHÁIN LE:
JULIE BREATHNACH-BANWAIT
CELIA DE FRÉINE
OLA MAJEKODUNMI
CAITRÍONA NÍ CHLÉIRCHÍN
URSULA NÍ CHOILL
CLÍODHNA NÍ CHORRÁIN
ANNEMARIE NÍ CHURREÁIN
ÉILÍS NÍ DHUIBHNE
CIARA NÍ É
CLÍONA NÍ RÍORDÁIN**

**MNÁ AGUS
RÉABHLÓID
NA hÉIREANN**

Reabhlóid!

RADACACH! MNÁ AGUS RÉABHLÓID NA hÉIREANN

2023

Cruthaithe mar chuid de chlár an Fhile Cónaithe ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus mar chuid de Chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán 2012-2023, agus le tacaíocht ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, agus Poetry Ireland/Éigse Éireann.

Dearadh, leagan amach agus clóchuradóireacht

Shauna Buckley

Buntéacs, bundánta & íomhánna

Julie Morrissy

Aistrithe ag

Julie Breathnach-Banwait, Celia de Fréine, Ola Majekodunmi, Aedín Ní Bhróithe Clements, Caitríona Ní Chléirchín, Ursula Ní Choill, Clíodhna Ní Chorráin, Annemarie Ní Churreáin, Éilís Ní Dhuibhne, Ciara Ní É, agus Clíona Ní Ríordáin.

Curtha in eagar ag

Julie Morrissy agus Aedín Ní Bhróithe Clements
Cur síos ar íomhánna aistrithe ag Clíodhna Ní Chorráin

Profáil

Clíodhna Ní Chorráin

Arna chlóbhualadh agus ceangailte in Éirinn ag Print Media Services

Tá taifead catalóige don leabhar seo ar fáil ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Tá an foilseachán seo digitithe ag nli.ie agus ag MNÁ100.com

© Julie Morrissy 2023


“
tabhair
do
mhíle
tríoblaid”

Annie O’Farrelly, D U B L I N, 14.12.1922

Litir go Margaret O’Farrelly ó Annie O’Farrelly maidir le baill teaghlaigh agus cúrsaí polaitíochta an lae. [MS 47 ,640/17]

Clár Ábhair

- 7 **Nóta ó na hEagarthóirí**
le Julie Morrissy agus Aedín Ní Bhróithe Clements
- 8 **Dún an Cheanntaigh, Baile Átha Cliath 8**
aistriúchán le Aedín Ní Bhróithe Clements
- 12 **An Chéad Lá: Ceannt Fort/ress**
aistriúchán le Annemarie Ní Churreáin
- 14 **Lily***
aistriúchán le Clíona Ní Ríordáin
- 17 **Inis Ealga go Bóthar Braemor, Baile an Teampaill***
aistriúchán le Ursula Ní Choill
- 22 **Ar Thóir Lili agus Caitlín, Reilig Ghráinseach an Déin**
aistriúchán le Caitriona Ní Chléirchín
- 28 **“Chrom, thuisligh is thit”***
aistriúchán le Ciara Ní É
- 34 **An Breitheamh Ó Braonáin**
aistriúchán le Celia de Fréine
- 38 **“Comrádaí Dílis is Cara Buan”***
aistriúchán le Julie Breathnach-Banwait
- 40 **Cuarbhóthar Chumann na mBan**
aistriúchán le Aedín Ní Bhróithe Clements
- 44 **An Cosantóir***
aistriúchán le Éilís Ní Dhuibhne
- 52 **“Buíochas”***
aistriúchán le Ola Majekodunmi
- 58 **Tagairtí Roghnaithe agus Tionchair**
aistriúchán le Clíodhna Ní Chorráin
- 60 **Tagairtí Roghnaithe ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann**
aistriúchán le Clíodhna Ní Chorráin
- 61 **Nótaí Buíochais**
aistriúchán le Clíodhna Ní Chorráin
- 62 **Nótaí Beathaisnéise**
aistriúchán le Clíodhna Ní Chorráin



Gearrtháin nuachtáin as 'Scéala Éireann' de 'The great story of the Rising: Easter Week day by day' le Dorothy Macardle, 1933 17-22 Aibreán. [MS 31,468]



16 Sráid an Mhúraigh, Baile Átha Cliath. Ceannteathrú, Lá 5 d'Éirí Amach na Cásca.

Nóta ó na hEagarthóirí

Baineann aistriúchán leis an sciorradh agus leis na nithe aisteacha agus rúndiamhracha a bhaineann le teanga. Go háirithe le filíocht, tagaimid ar domhan úr atá lán de bhrí agus de féidearthachtaí, agus is é ár ndóchas go bhfuil sé sin soiléir ins an eagrán aistrithe seo, *Radacach! Mná agus Réabhlóid na hÉireann*. Fuaireamar ár dtreoir ó thús ó bhanghníomhaithe an Éirí Amach agus ón nasc domhain a bhí acu leis an nGaeilge. Tá súil againn go méadaíonn na guthanna difriúla sa tionscadal aistriúcháin chomhoibríoch seo an tuiscint atá ann faoi ról na mban i Réabhlóid na hÉireann.

Tosaíodh an t-iniúchadh seo leis an mbunphaimfléad *Radical! Women and the Irish Revolution*, agus tá áthas orainn an dán iontach le Ciara Ní É, “Chrom, thit is thuisligh” a ath-fhoilsiú san imleabhar seo le hais scríbhinní le naonúr sár-scríbhneoirí a bhíonn ag scríobh i nGaeilge.

Ba é an aidhm a bhí againn mar eagarthóirí ná tacú leis na scríbhneoirí seo a thug a gcuid eolais, a ndearcadh, agus a nguthanna chuig na dánta. Má chuireamar ár ladhar isteach, rinneamar go curamach é agus muid ag déileáil le ceisteanna a thagann le tionscadal ilghuthach mar seo a bhaineann le stair agus le cartlanna. Chinneamar go bhfágfaí foinsí agus tagairtí ón gcartlann sa teanga inar scríobhadh iad, .i. i mBéarla, ach i gcásánna áirithe, déanadh eisceachtaí chun tús áite a thabhairt do chuspóir an scríbhneora. Mar sin féin, rinneamar athbhreithnú agus uaireanta tháingamar ar chomhréiteach chun go dtagadh aidhm ealaíonta an údair chun tosaigh. Plé leanúnach a bhí sa phróiseas, idir fhíricí, cruinneas ó thaobh na staire de, agus cruthaíocht ealaíonta. Sa chaoi chéanna inar spreag ceantar Bhaile Átha Cliath 8 cuid mhaith de na dánta bunúsacha, bhain na haistriúcháin leideanna, chomh maith, ón gcomharsanacht seo. Pointe amháin a léiríonn an dúshlán a bhíonn i gceist le haistriúcháin, nuair a bhreathnaíomar ar na comharthaí bóthair i nDún an Cheanntaigh, thugamar faoi deara go raibh dhá chomhartha le haistriúcháin dhifriúla den ainm céanna ar chuid de na sráideanna. Maireann an bailiúchán seo le sonas ins na castachtaí agus na hargóintí, agus táimid fíorbhuíoch do gach aon scríbhneoir as a dtuiscint, a ndíograis, agus feabhas lonrach a gcuid scríbhneoireachta. Agus ár mbuíochas libhse, ár léitheoirí, as teacht linn ar an aistear seo.

Julie Morrissy agus Aedín Ní Bhróithe Clements

DÚN AN CHEANNTAIGH, BAILE ÁTHA CLIATH 8

4ú Meitheamh 2021

[aistriúchán le Aedín Ní Bhróithe Clements]

Tá seacht sráid i nDún an Cheanntaigh, ‘chuile cheann acu ainmnithe le haghaidh óglach in Aontas Bhaile Átha Cliath Theas a cailleadh i 1916: Ascaill Mhic Dhúill, Ascal Ó Raghallaigh, Ascaill Eoghain/Ascal Ochain, Plás an Bhúrcaigh, Ascaill Uí Dhónailláin/Ascal Uí Dhomhnalláin, Ascaill Uí Chuinn, Plás Mhic Thréinir, agus, ar ndóigh, an t-eastát féin atá ainmnithe d’Éamonn Ceannt. Eastát McCaffrey a bhí air níos túisce. Grúpa beag tithé ar chnoc is ea an chomharsanacht, beagán lastall de Ospidéal San Séamas. I measc na dtionscadal tithíochta shóisialta ba thúisce i mBaile Átha Cliath, tógadh an eastát idir 1917 agus 1923, agus rinne Thomas Joseph Byrne é a dhearadh, mar iarracht ar fheabhas a chur le tithíocht shóisialta in Éirinn. I mí Eanáir 2021, bhog mé go teach (ar cíós) san t-eastát. Roinntear balla chúl ár ngarraí le hOspidéal San Séamas, ospidéal a raibh páirt rithabhactach aige i gcúrsaí folláine na hÉireann le linn thréimhse na réabhlóide. Idir Meitheamh 1918 agus Aibreán 1919, chuir an ospidéal cóir leighis ar líon ollmhór othar le linn trí bhabhta den Fliú Spáinneach. Agus mé ag scríobh, tá Ospidéal Náisiúnta na Leanaí nua (fós) á thógáil. Tá na craenacha le feiceáil ó na mílte amach. Bíim ag tabhairt airde ar a ndul chun cinn agus ar a gciúineas ar shiúlóidí sna tráthnónta.

Le míonna anuas, táim i mo chónaí i measc ár laochra cáiliúla, ag siúl sráideanna na bhfear seo, ag tabhairt aitheantas dá n-ainmneacha go laethúil, agus ag cur ceist orm féin...cén áit in Éirinn an bhféadfainn teacht ar dhún a bhfuil bailiúchán ainmneacha éagsúla le fáil?

Cá bhfuil Ascaill Markievicz? Ascaill O’Brennan, Ascaill Macardle? Ascaill Uí Fhaircheallaigh? Ascaill Sheehy-Skeffington? Plás Uí Chléirigh? Cá bhfuil an iamhchríoch sráideanna inar féidir liom spaisteoireacht go ciúin le spiorad, troid, anam agus íobairt na mban úd a mhothú?

Go luath i mo chuid taighde, léigh mé gurbh iad Kathleen Clarke, Kathleen Lynn, agus Madeleine ffrench-Mullen a chuir tús le bunú an chéad ospidéal do pháistí in Éirinn. Osclaíodh Ospidéal Naomh Ultán na Leanaí Breoite i 1919. Is Óstán Clayton é anois an suíomh tosaigh ina raibh an t-ospidéal.

Bíonn na siméadrachtaí idir an bogadh a rinne mé go Dún an Cheanntaigh agus na himeachtaí stairiúla agus cúrsaí reatha ag imirt i mo mheabhair agus mé ag freagairt do Dheich mBlia na gCuimhneachán. Céad bliain ó réabhlóid na hÉireann, táimid arís i lár paindéime, géarchéim tithíochta, agus ag fanacht i bhfad ar ospidéal do pháistí.

Is é Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a choimisiúnaigh an bailiúchán saothar seo, le tacaíocht ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, agus Clár Dheich mBlia na gCuimhneachán. Toradh is ea na dánta agus na grianghrafanna a leanas ar thaighde a déanadh ins na seomraí léitheoireachta i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, agus le linn siúlóidí, aistir rothaíochta, agus turasanna i mo cheantar áitiúil agus timpeall Bhaile Átha Cliath agus Éirinn i gcoitinne.

Tá podchraoladh san áireamh sa dtionscadal seo, leis an teideal, *Radical! Women and the Irish revolution*. Sa tsraith cheithre pháirt, tá comhráit le scríobhnóirí agus ealaíontóirí clúiteacha faoi na hábhair spéise atá againn araon, ag teacht as mo chuid oibre mar Fhile Cónaithe in Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Agus an obair seo ar

siúil agam, tharraing mé ar an mbealach comhoibríoch agus leathan chun filíochta atá agam, a bhíonn i ngleic leis an páir agus ag an am chéanna ag féachaint conas mar a chuireann filíocht tionchar ar ár dteagmhálacha laethiúil leis an domhan inár dtimpeall.

Leanaim orm ag déanamh cíoradh ar shráideanna stairiúla Bhaile Átha Cliath 8. Glacaim grianghrafanna de thithe sábhailte, dealbha agus plaiceanna. Cuirim ceisteanna ar nithe agus ar shráideanna. Breathnaím go grinn ar scáileáin i seomraí léitheoireachta, agus fillim ar cheist a cuir mé iliomad uaire cheana:

Cá bhfuil na mnaí?

¹ Ward, Margaret. “House and home - an Irishwoman’s Diary on the Tinters in Dublin”. *The Irish Times*, Meán Fómhair 2018.

² “Centenary Celebration”. *Nuachtlitir Phobail Chumann Cónaitheoirí Dhún an Cheanntaigh*. Gan dáta.

³ “Caibidil 15: Oidhreach Seandálaíochta”. *Ráiteas Tionchair Timpeallachta*, Bord Forbartha an Ospidéal Náisiúnta Phéidiatraicigh, Ich 15-11.

⁴ Ibid, Ich. 15-11.


⁵ Tháinig mé ar dhá shuíomh a ainmníodh i ndiaidh an Chuntaois Markievicz, Páirc Markievicz mar ainm ar an bheirt acu. Tá staid CLG i mBaile Shligigh ar cheann acu, díreach os comhair an tí inar fhás mo mháthair aníos. (“For the Love of the Game”). Is páirc phoiblí í an ceann eile i mBaile Formaid. Is minic a chonaic mé í agus mé i mo dhéagóir, ar bhusbhealach 78A ar an tslí go teach mo bhuachalla. Tá Countess Markievicz House, forbraíocht tithíochta poiblí, agus Markievicz Sports and Fitness Centre araon ar Shráid Townsend, Baile Átha Cliath 2 (“In Memory of Eva Gore-Booth and Con Markievicz”).

⁶ Is forbraíocht tithíochta sóisialta i dTamhlacht í Sheehy Skeffington Meadows, ainmnithe i ndiaidh Hanna Sheehy-Skeffington. (McMenamin, Aura. “Social housing development named after historical figure”. *The Echo*, 8 Márta 2018)

⁷ Tháinig mé ar “Phlás Chaitlín Uí Chléirigh” sa Bhaile Bocht, Baile Átha Cliath 1. Is forbairt chónaithe é le 29 árasán ag Rae na Poibleoige. (“Tuarascáil do Choiste Ceantair Rae na Poibleoige.” 5 Meán Fómhair 2018)

⁸ Gillis, Liz. *Women of the Irish Revolution*. 2014. Mercier Press, 2016, Ich 75.

⁹ McCoolle, Sinéad. “Healthcare in the War of Independence: St. Ultan’s children’s hospital”. *The Irish Times*, 21 Eanáir 2019.



Dún an Cheanntaigh. Google Maps.



Bun eastát Dhún an Cheanntaigh, Baile Átha Cliath 8. Téann an bóthar ar dheis, Cnocán an Bhrúnaigh, go Príosún Chill Mhaighneann. Tá na craenacha sa chúra ag tógáil an Ospidéal Náisiúnta Leanaí nua.

An Chéad Lá: Ceannt Fort/ress

[aistriúchán le Annemarie Ní Churreáin]

Féach an dífeach

focail fuaimeanna ceisteanna
ainmfhocail, briathra, aidiachtaí

siúlaim na cabhsaí san oíche
ag grinníú ballaí agus garraí
ag tabhairt na mbrat trídathach faoi deara
ag gliúcaíocht trí fhuinneoga feicim
seacht léinte bhána smúdáilte go húr crochta
ar chnagadán
i seomra suí na gcomharsan
réidh don obair.

Is foirgneamh daingnithe é 'fort': ionad straitéiseach
Stáisiún trádála

Ar aghaidh liom thart na gcorthaí
in eadán na mala
agus síos arís
go bhfeicim í,
bean chaogaideach Ceannt Fort

Is daingean míleata é 'fortress', baile daingne
Duine
Nó rud
slán ó shuaitheadh
agus tionchar an tsaoil.

Mar shampla (ón OED): *he had proved himself to be a fortress
of moral rectitude*

Ionrach
aonarach
i mbosca gloine
seasann an Mhaighdean Mhuire
druidte istigh i bPlás an Bhúrcaigh
a bosa in airde i dtreo na bhflaitheas, tá sí bláth-gleoite
ina gairdín féin

cé mhéad séasúr atá casta anseo aici?
agus cé a chuir í
i mbosca gloine
cé a thóg an clái?
agus cé a bhíonn ag cothú na mbláithíní

gach oíche amharcann sí timpeall an cheantair
dobhogtha
dochorraithe.



Lily*

[aistriúchán le Clíona Ní Ríordáin]

Agus Éirí Amach na Cásca faoi chois
Lean Lily rian na marbh
D'aimsigh uanna anaithnide
Chuir marc orthu
Do choinnigh iad ina cuimhne
Dheimhnigh go ndéanfaí iad a onóru

Samhlaigh a héacht
An cuardach casta
A dúthracht deimhin
Go gcomóireofaí na Fir.



Íomhánna de *A Walk*. Suiteán le Joanne Byrne ag Dún Richmond, Baile Átha Cliath 8.

“Iontráil dialainne a rinne an Chuntaois Markievicz in 1892 a spreag Byrne le linn a blianta i Lissadell nuair a scríobh sí, ‘*Nature should provide me with something to live for, something to die for.*’”
—richmond Barracks.ie.

*Ba scríobhneoir agus drámadóir í Lily O'Brennan, a bhí ina ball de Chumann na mBan. D'fheidhminigh sí mar bhreitheamh 'sna Cúirteanna Phoblachtánacha. Ina dhiaidh sin, d'oibrigh sí sa Roinn Oibreachais i nDáil Éireann. D'aimsigh sí uanna anaithnide de chuid Óglaigh na hÉireann a maraíodh san Éirí Amach. B'í siúd a chuir marc orthu. Bhí a deirfiúir Áine, a phós Éamonn Ceannt i 1905, ina ball de Chumann na mBan chomh maith.

Go luath i mo chónaitheacht, léigh mé leabhar Mary McAuliffe agus Liz Gillis faoi na 77 bean a gabhadh agus a tugadh ar shiúl go Dún Richmond i ndiaidh an Éirí Amach. I mí Mheán Fómhair 2021 thug mé an turas siúil ó Dhún Richmond go Cill Mhaighneann. Tá an Beairic agus na láithreacha stairiúla ar an turas suite gar do mo theach féin i gCeannt Fort.



Inis Ealga go Bóthar Braemor, Baile an Teampaill*

[aistriúchán le Ursula Ní Choill]

i

*I was amazed when you told me the route to "Barn Elms"
 ~ why it is not far away at all, & how good to have the Bus.
 I know every step of the way: but alas!
 I must wait for the
 fine weather & the car However if the winter comes then Spring's
 not far away*

ii

Bhí iontas orm
 nuair a chonaic mé an bealach go hInis Ealga
why it is not far away at all
 ó bhaile m'óige
 ceithre chéad méadar, go beacht
I know every step of the way
 tógfaidh mé an carr liom amárach
 agus déanfaidh mé iontas i o n t a s
 gur shiúil mé thar dhoras Áine Ceannt gach lá
 timpeall chúinne Inis Ealga
 i m'éide scoile
 súile bhuachaillí De La Salle orm
 mé nach mór ag baile

agus muid ag siúl

ar malairt treo.

**Is ó litir scríofa ag Micheál Ceannt go hÁine Ceannt i Nollaig 1939 [MS 41, 480/5/18] a thagann na línte i gcló iodálach. Tugadh Barn Elms, nó Inis Ealga, ar an teach a ghlaotar Camberley Oaks air anois. Tá an teach suite ag barr Bhóthar Braemor, áit ar tógadh mé. Agus mé lonnaithe i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann fuair mé amach gur láimhseáil gnólacht dlí ar oibrigh mé leo i m'fhichidí díol an tí chéanna.*

ar

shear

si

sir?



36 Sráid Nelson, Baile Phib, Baile Átha Cliath 7. Teach sábháilte agus taisceadán arm.



Bóthar go Inis Ealga / Barn Elms, Baile an Teampaill.

Ar Thóir Lilí agus Caitlín, Reilig Ghráinseach an Déin

[aistriúchán le Caitriona Ní Chléirchín]

i

turas Sathairn ar ala na huairé
i suaimhneas an tráthnóna gréine
tiomáinim an carr trí na geataí tosaigh

an taobh istigh ollmhór
sraith i ndiaidh sraithe
ag leathnú i ngach treo

síneann na huaigheanna chun na spéire
mé armáilte le m'ífón
agus súimh ghréasáin ar an Éirí Amach

cúpla sonra thall is abhus
ach ní leor riamh é –
cailte i measc an fhásra

saothar é seo do shúile boga is crua
fiailí triomaithe amach*
scoilteanna agus clocha

tosaím le Kathleen Clarke
aithním ainm i ndiaidh ainm
bláthanna, plaiceanna, ómós scríofa grá

go dtí go bhfeicim a hainm
I gcuid Naomh Bríd

I NDIL CHUIMHNE AR
CHAITLÍN UÍ CHLÉIRIGH

bláthfhleasc gheimhridh i mí Iúil
dearcáin shioctha is cloigíní óir
cumhdaím mo shúile agus aistrím taisce

ii

cuid de na fir curtha anseo fosta
liosta na laoch, maraithe sa chomhrac
shíl mé comhartha a bheith ann

22

iii

ar aghaidh linn go G36, cuid Naomh Pádraig
fágann muid an carr agus cuardaíonn de shiúl na gcos
ag comhaireamh na haibítire ó A go G

súile géara ag faire amach
don uaigh comharsan
WAFER
tuigim go bhfuil Lily O'Brennan anseo

lena deirfiúracha
siúlaim gach líne athuair
tógann na bealaí ar ais mé

chuig an charr, chan níos gaire
gan comhartha ar bith

ansin thar mo ghualainn, aithním é
ón íomhá ar m'ífón
G36 greanta ar chúl

Áine Ceannt baintreabac Éamuinn Ceannt
Deirbsiúra, Caitlín Ní Bhraonáin
Agus Eilis (Lilí)

cros Cheilteach Triúr Deirfiúracha Réabhlóideacha
agus áit pháirceála ádhmhar –
amharcaim siar ar na geataí

tá am dúnta druidte linn
san áit seo
nach n-osclaíonn riamh

ar bhealach iomlán, shílfeá


23

*Tharraing alt ón *Irish Times* cúpla seachtain roimh mo chéad thuras ar an reilig aird ar an deacracht a bhí ag na teaghlaigh uaigneanna a ndaoine muinteartha a aimsiú mar gheall ar na fiailí arda. (Wilson, Jade. "Overgrown weeds at Deansgrange Cemetery 'very hurtful to families'". *The Irish Times*, 24 Meitheamh 2021). D'inis lánúin a bhí ag glanadh uaigne dom faoi na fadhbanna agus mé ar mo chuairt agus chuir siad ar an eolas mé faoi na hailt nuachtáin mar gheall orthu a foilsíodh le deanaí.



24

Inis Ealga / Barn Elms, Baile an Teampaill (nó *Camberley Oaks*).
Baile Áine Ceannt agus a mac Rónán.



Cloch chinn na ndeirfiúracha Uí Bhraonáin, Reilig Ghráinseach an Déin, Co. Átha Cliath.



Radharc ar Shráid an Mhúraigh, Baile Átha Cliath 1 ó Shráid Parnell.



Plaiceanna cuimhneacháin ar Shráid an Mhúraigh, áit ar thug Éilís Ní Fhearghail an géilleadh d'Arm na Breataine a chuir deireadh le hÉirí Amach na Cásca 1916. Sa phictiúr tá na plaiceanna do gach duine den seachtar fear a shínigh Forógra na Saoirse. Go bhfios dom, níl aon chomóradh ar ról ríthábhachtach Ní Fhearghail sa ghéilleadh.



“Éirí Amach na Cásca 1916”. Plaic chuimhneacháin ag 16 Sráid an Mhúraigh.

“Chrom, thuisligh is thit”*

[aistriuchán le Ciara Ní É]

cuimhním ar choiscéimeanna Éilís
san oíche
nuair nach dtitfidh mo chodladh orm, imeachtaí an lae ag rith
trí mo cheann
tagann a coiscéimeanna chugam, is mé i mo luí i nDún an Cheanntaigh
a cosa ag gluaiseacht suas Sráid Uí Mhúraigh
céim i ndiaidh céime
a súile dírithe roimpi

ar aistear aineoil chuig an mbaracáid
brat bán cadáis ina glac, a rinneadh
ar iarratas Sheáin Mhic Dhiarmada
sular iarr sé uirthi
siúl léi féin suas Sráid Uí Mhúraigh
go dtí Arm na Breataine
le géilleadh ar a son

níos luaithe nuair a d’éalaigh sí de rith ó Ard-Oifig an Phoist
thit “altra” Ní Fhearghail
thuisligh go talamh
scréach gunnaí is phléasc piléar ar gach taobh di

an titim sin
an féidir leat an titim sin a shamhlú

an féidir leat an tsiúlóid sin a shamhlú
suas Sráid Uí Mhúraigh
Mac Piarais, Ó Conghaile, Mac Diarmada gan a bheith le feiceáil, iad laistigh
An tArm roimpi
is brat bán lámhdhéanta

céim
céim eile
agus eile

an féidir leat é a shamhlú?

ag na hamanna ba mheasa liom
lúb mo chosa fúm
ar Shráid an Diúic
cumha agus briseadh croí
amhail go dtitfeadh mo lorga
síos go coinchréit

mar a tharlaíonn, éiríonn le Ní Fearghail
an teachtaireacht a scaipeadh
an Géilleadh
cuireann sí in iúl don Arm
nach bhfuil sínteán ón bPiarsach
dímheas a thugtar mar fhreagra

*Is dóigh leat toisc gur bean tú
Gur féidir leat do rogha rud a rá*

Cén Éire ina raibh cónaí orthu siúd?

seasann sí an fód
go stuama
is nuair a fhilleann óna cúram
díreach nóiméad amháin déanach
noimead amháin
ar chaoi éigin, cuireann sí ina luí ar Ghinearáil de chuid na Breataine a n-uaireadóirí
a shocrú ar a ceannsa

amanna cuirtear dallóg uirthi
le linn a dualgais an scéal a scaipeadh
ar Rae an Iarthair
imíonn sí de shiúl na gcos
gan tionlacan
le teacht ar de Valera
céim ar chéim
thar líne na lámhachóirí ar Dhroichead na Comhdhála
baintear preab aisti, nuair a scaoiltear fear atá slat taobh thiar di
titeann sé
is leanann Éilís ag siúl

ar fud na cathrach
chuig gach cineál fear
goideann muintir na Breataine uaithi
déantar í a nochtadh is í a chuardach
caitear i gcill í le Ní Mhaoldomhnaigh is ffrench-Mullen
cuirtear i líne í le príosúnaigh
ag máirseáil chuig Beairic Richmond ag gardaí armtha

céim ar chéim ar chéim

an féidir leat é a shamhlú?

agus ar shlí éigin
ar deireadh
míníonn sí cúrsaí, is scaoiltear saor í
faigheann sí ar ais an t-airgead goidte
is éilíonn leithscéal ón mBriogáidire-Ghinearál Lowe
a dhéanann gearán faoi cheistiú a dheachlú
Fút féin é cloí leis
ar sí

an féidir leat é a shamhlú?
ise ag rá na bhfocal sin
ag tiontú ar a sáil
is ag bailiú léi
na boinn athghafa ag gliogaireacht ina póca

ina dhiaidh sin is uile b'iad an dá chois chéanna
a baineadh ón bhfianaise
a híomhá ar shiúl
an teachta a rinne an brat bán
an t-aon duine a bhí cróga go leor siúl suas Sráid Uí Mhúraigh léi féin
glanta léi

ón 'stair'

gan tásc ná tuairisc

**Tógadh teideal an dáin seo ó chuntas Eilís Uí Fhearghail de ghéilleadh Éirí Amach na Cásca, a raibh ról lárnach aici ann ar fud na cathrach. Is sleachta as cuntas Uí Fhearghail iad na codanna i gcló iodálach. Foilsíodh pictiúr de ghéilleadh an Phiarsaigh i nuachtán an Daily Sketch agus baineadh Ní Fhearghail as an bpictiúr sin amhail is go raibh an Piarsach leis féin ar Shráid Uí Mhúraigh. Tá an grianghraf bunaigh (a bhfuil Ní Fhearghail le feiceáil ann) san Irish Political Figures Photographic Collection, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. [NPA POLF234: Pearse's Surrender]*



Muileann trídathach ag Plás Annesley, Baile Átha Cliath 3. Timpeall an choirnéil ó Phlás Kathleen Clarke.

Elizabeth O'Farrell: Envoy Of The Republic

The
LAST
DAY
of the
RISING



Prisoners being brought to Kilmainham Jail after the surrender.

A GIRL WALKS UP THE BULLET-SWEPT MOORE STREET. OVER HER HEAD SHE CARRIES A WHITE FLAG. IN HER HAND ALSO IS A DESPATCH FROM PEARSE. IT IS THE END OF THE RISING—THE BEGINNING OF THE NATIONAL INSURRECTION. THE OUTLYING COMMANDS HAVE NOT EXPERIENCED THE TERRIFIC ONSLAUGHT THE LEADERS AT G.H.Q. HAVE ENDURED. THEY LAY DOWN THEIR ARMS—THEIR HEARTS BURSTING.

VI.—The Surrender renders unconditionally and that Mr. Connolly follows on a stretcher." under the shadow of the Farnell monument they piled their arms. "You've won this time" said one of hardly believe their eyes at first. Why the fight had hardly begun as far as they were concerned! The Four Courts

Gearrtháin nuachtáin ó chuntas Macardle ar an ghéilleadh agus ar ról Ní Fhearghail. *The Irish Press*, Aibreán 1933. [MS 31,468]

Sheas

Si

Siar.

An Breitheamh Ó Braonáin*

[aistriúchán le Celia de Fréine]

Níorbh iad na hainmneacha ná na huaigheanna amháin a thaifead sí
thras-scríobh Lily mórbhriathra
na bhfear mór le rá
Art Ó Gríofa, Erskine Childers
clóscríobhaí is rúnaí
a d'oibrigh in éineacht

a lámha ag gluaiseacht go sciobtha
scinn sí thar shiollaí duine eile
cruthanna ar foluain os cionn a guaillí
barra a méar trom-mhianúil
chun a cuid féin a scríobh —

sroicheann dán le Lily,*
in ómós Austin Stack, mo bhosca isteach
an fear freagrach as na cúirteanna Dála
scáth-chóras córa
a bhfuil Lily ina Breitheamh Dúiche air
an bhean iomráiteach a scríobh
ar son na bhfear is fúthu

coimeádaí croiniceoir tráchtair

beireann sí a casúr chuig an deasc
breacann sí peann ar pár
sníonn is sníonn is sníonn a cuid focal

ábhar machnaimh dúinn
ar scríobh éinne dán
in ómós Lily

sos, smaoineamh, nóiméad
is sníonn is sníonn is sníonn mo chuid focal

*Ag tús mo chónaitheachta, chuir Maeve Casserly (atá ag obair i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann) chugam ar ríomhphost “Austin Stack”, dán dar dháta an 29 Aibreán 1929, a scríobh Lily O'Brennan [MS 41,501/3/19]. Tá tras-scríbhinn an dáin á choimeád i gCáipéisí Ceannt agus O'Brennan i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Scríobhadh é dhá lá i ndiaidh bhás Stack. Tá roinnt eolas beathaisnéise a bhaineann le O'Brennan atá sa dán seo le fáil in No Ordinary Women: Irish Female Activists in the Revolutionary Years 1900-1923 le Sinéad McCool agus in Women of the Irish Revolution le Liz Gillis.



Íomhá de “A Walk” le Joanne Byrne ag Dún Richmond.

PREMIUMS PAID QUARTERLY,
HALF-YEARLY OR YEARLY

HOUSE PURCHASE

It should be the ambition of every thrifty person to become the owner of his own home. If you desire to avoid the wastefulness of paying rent for a lifetime without owning a single brick of the house that shelters you, avail yourself of the "ROYAL LIVER" method of House Purchase.

The Society will gladly place its system at your service.

FOR NATIONAL HEALTH INSURANCE PURPOSES,
JOIN THE ROYAL LIVER APPROVED SOCIETY.

Íomhá de leabhar cuntais ón Royal Liver Friendly Society, 1935-1939, Ceannt and O'Brennan Papers 1851-1953. [MS 41,486/2/9]

BRITISH PETITION HANDLED TO SOVIET COMMITTEE

ADMISSION OF GUILT

There is no news of the whereabouts of the 22 Russians in the indictment, but it is mentioned that they will receive a separate trial at an unspecified date. Mr. Egan, who is accompanying the expedition, stated that he is accompanied by Mr. Egan, a former member of the British Expeditionary Force, who is now at St. Petersburg, and that he is now at St. Petersburg, and that he is now at St. Petersburg.

SOVIET TRADE DELEGATION

Mr. Egan, a former member of the British Expeditionary Force, who is now at St. Petersburg, and that he is now at St. Petersburg.

HITLER'S NEW POST AND STORM TROOPS

Here about Hitler's "Führer's Mass" party, which is a political party, and that it is a political party.

CHIEF OF STEEL HELMETS

Regulations have been in progress for the Steel Helmets, and that it is a political party.

NOT TO ATTEND STORMONT

The Six-County Parliament will not be held at Stormont, and that it is a political party.

CASHEL HOUSING CONTRACT

Mr. Michael Conboy, who is now at St. Petersburg, and that he is now at St. Petersburg.

SPORTING RIGHTS SUMMONS

Summons for trespassing on the lands of the Earl of Darnley, and that it is a political party.

IN LETTER

MAIRIE LOUISE - ECHO

GALWATY'S NEW SCHOOL

Training Entirely In Irish

SCOLL FHURSA

A Galwaty step towards making Ireland will be taken on Monday.

FOR TEN YEARS

For a period of ten years, Galwaty has been a school for children.

POLICE EVIDENCE

Station-keeper T. Murphy, who is now at St. Petersburg, and that he is now at St. Petersburg.

SHOPBREAKING CHARGE

AT BRAY

DUBLIN MEN REMANDED

Yesterday at Bray six Dublin men were remanded on bail, and that it is a political party.

CINEMA SOLD FOR £2,010

The Palace Cinema Theatre and its contents were sold for £2,010.

COLLISION WHICH CAUSED

JURY AND CORONER

THREE DEATHS

The jury returned a verdict of manslaughter in the case of the three deaths.

SCOLL FHURSA

A Galwaty step towards making Ireland will be taken on Monday.

FOR TEN YEARS

For a period of ten years, Galwaty has been a school for children.

POLICE EVIDENCE

Station-keeper T. Murphy, who is now at St. Petersburg, and that he is now at St. Petersburg.

SHOPBREAKING CHARGE

AT BRAY

DUBLIN MEN REMANDED

Yesterday at Bray six Dublin men were remanded on bail, and that it is a political party.

CINEMA SOLD FOR £2,010

The Palace Cinema Theatre and its contents were sold for £2,010.

"Comrádaí Dáil is Cara Buan"*

[aistriúchán le Julie Breathnach-Banwait]
do Julia Grenan agus Elizabeth O'Farrell

ar gach casadh
cloisim frásaí ar nós:

Níor déanadh d'aon turas é
Déanadh botún
Ní raibh údar scriosadh ná glanadh amach

tréigeann grianghraif
creimeann dromchlaí
téann litreacha is focail amú
ní thugtar ceangaltáin faoi deara

Trí iarracht an chaighdeán a fheabhsú
uaireanta, go sealadach
bíonn nascanna doiléir
leagtar caidrimh chun taobh

Shnoigh an scríbhinn
a cheanglaíonn Julia agus Elizabeth
go síoraí
ní rudaí cinnte na deasghnátha báis seo

snoite—

is dóigh gur féidir linn
aontú mar gheall
ar an méid sin

**I mí na Nollag, 2021, tharraing an Dr Eemer Eivers, comhairleoir taighde agus comhalta taighde sinsearach in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, aird ar Twitter nach raibh inscríbhinn do Julia/Sheila Grenan ar leac uaighe Elizabeth O'Farrell i reilig Ghlas Naíon le feiceáil. Scríobh Eivers i tvuít, "Any historians on here able to explain this? Julia Grenan's details were gradually (shamefully) fading off her joint headstone with Elizabeth Farrell [sic]. Now she's been totally wiped off, relegated to an ornament, & no reference to their relationship. Farrell [sic] was infamously wiped...from the 1916 surrender photo. Now her life partner and fellow Cumann na mBan member has literally been wiped (2nd photo, taken today) from their joint headstone. WTF? Erasure of non-conforming women continues." Lean comhrá inar mhínigh an Dr. Mary McAuliffe (Ollscoil Bhaile Átha Cliath) na cúiseanna a bhí taobh thiar den scrios. Is ar chúplaí chomhghnéis i Réabhlóid na hÉireann atá taighde á dhéanamh ag McAuliffe le gairid.*

"Comrádaí Dáil is Cara Buan"*

[aistriúchán le Julie Breathnach-Banwait]
do Julia Grenan agus Elizabeth O'Farrell

ar gach casadh
cloisim frásaí ar nós:

Níor déanadh d'aon turas é
Déanadh botún
Ní raibh údar scriosadh ná glanadh amach

tréigeann grianghraif
creimeann dromchlaí
téann litreacha is focail amú
ní thugtar ceangaltáin faoi deara

Trí iarracht an chaighdeán a fheabhsú
uaireanta, go sealadach
bíonn nascanna doiléir
leagtar caidrimh chun taobh

Shnoigh an scríbhinn
a cheanglaíonn Julia agus Elizabeth
go síoraí
ní rudaí cinnte na deasghnátha báis seo

snoite—

is dóigh gur féidir linn
aontú mar gheall
ar an méid sin

**I mí na Nollag, 2021, tharraing an Dr Eemer Eivers, comhairleoir taighde agus comhalta taighde sinsearach in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, aird ar Twitter nach raibh inscríbhinn do Julia/Sheila Grenan ar leac uaighe Elizabeth O'Farrell i reilig Ghlas Naíon le feiceáil. Scríobh Eivers i tvuít, "Any historians on here able to explain this? Julia Grenan's details were gradually (shamefully) fading off her joint headstone with Elizabeth Farrell [sic]. Now she's been totally wiped off, relegated to an ornament, & no reference to their relationship. Farrell [sic] was infamously wiped...from the 1916 surrender photo. Now her life partner and fellow Cumann na mBan member has literally been wiped (2nd photo, taken today) from their joint headstone. WTF? Erasure of non-conforming women continues." Lean comhrá inar mhínigh an Dr. Mary McAuliffe (Ollscoil Bhaile Átha Cliath) na cúiseanna a bhí taobh thiar den scrios. Is ar chúplaí chomhghnéis i Réabhlóid na hÉireann atá taighde á dhéanamh ag McAuliffe le gairid.*

agus
timpeall
agus
timpeall
a treamm

40


Cuarbhóthar Chumann

se

na mBan

41

Mar chuid den taighde a rinne mé, bhailigh mé grianghraif de phlaiceanna chomórtha, sainchomharthaí tíre, agus láithreacha a bhfuil baint acu le tréimhse na réabhlóide. Is annamh a tháinig mé ar láithreán a rinne comóradh ar mhná, ach ar mo bhealach go Lár na Cathrach i bPort Láirge, thug mé faoi deara go raibh mé ag tiomáint ar Chuarbhóthar Chumann na mBan. Bóthar tionsclaíochta seachtrach timpeall ar Phort Láirge is ea é. Ina dhiaidh sin, d'aimsigh mé eolas ar an N40 Cuarbhóthar Dheiscirt Chorcaigh, a raibh sé ar intinn tráth é a athainmniú le “N40-Bóthar Cumann na mBan”. Tosaíodh ar an cheist a phlé go luath i 2015, le dóchas go dtarlódh an athainmniú roimh na hócáidí comórtha i 2016. Ach chuir na húdaráis áitiúla constaicí móra ina choinne ar chúiseanna sábháilteachta agus polasaí, agus níor athainmníodh an bóthar. – English, Eoin. “Refusal to rename road ‘disrespectful’ to women of Irish revolution, says Cork councillor”. *Irish Examiner*, 2 Márta 2017, <https://www.irishexaminer.com/news/arid-20444152.html>



Kilbarry Bog

Tramore Road

John's River

E1020

R675

R710

R710

R708

Summerfields

The Park at Foxwood

Foxwood

Kilbarry

Greenfields

Ballytruckle

The Walk

The Drive

The Grove

Waterford

Kilbarry

Ballytruckle

Ballindud Road

Tramore Road

Lacken Road

Ballytruckle

Green Road (East)

Waterford

Ballytruckle

An Cosantóir*

[aistriúchán le Éilís Ní Dhuibhne]

Rithim an lae:
Ag scrolladh tríd na leathanaigh,
Ag breacadh dátaí agus amanna
Uimhreacha agus ainmneacha
Ag léamh, ag claon-scrúdú
Na grianghrafanna
Ag brostú tríd na fógraí
Sweet Afton, Sunlight Soap
Agus gach nóiméad den lá
Na coiscéimeanna im chluasa.

Laistigh i meabhar na smaointe
Tugaim athchuart ar an lá
Rothaigh mé go barr an chnoic
Cnocán an Bhrúnaigh nó Mount Brown
Mar a thugaimid air
Ansin síos liom le fána trí
Dhún Ceannt
Agus ar aghaidh go dtí an Leabharlann.
Áit a shuím síos ag bord
Chun dul trí na seana nuachtáin.

Lily O'Brennan ag trácht ar an ngéilleadh
(Táim faoi geasa ag na géillithe!)

Ag Cnocán an Bhrúnaigh
Túirlingíonn siad
Soldiers on guard
Ar gach taobh díobh
Tomás MacDonagh ag ceann an tslua
Dúshlánach, ar nós O'Farrell
A bhain tuairt as an Ginearál Lowe –
Ceanndána, d'fhéadfá a rá–
Nuair a d'éiligh an t-oifigeach na hóglaigh eile,
Nuair nár chreid sé gur choimeád siad
All those buildings with 40 men.

Go giorraisc mhínigh MacDonagh dó:
Ní daichead ach daichead a dó.

Is iad na coiscéimeanna a fhanann im chuimhne
Nuair a fheiceann sí lena súile féin
The grim, grey, forbidding walls of Kilmainham Gaol
Cill Mhaighneáin, Cill Mhaighneáin
Áit a bheidh mise im shuí ar ball beag
Pionta os mo chomhar sa tigh tabhairne úd
The Patriots
Agus ár gcathair arís á sciobadh uainn
De réir nóiseanaí na pleanálaithe.

Brúite, cráite, brónach,
Siúlaim timpeall na sráideanna seo
Téim ar mo ghlúine chun póg a thabhairt
Do gach cloch ar Chnocán an Bhrúnaigh
Cuimilím le bois mo lámha
Na sconsaí móra miotail sin,
Atá anseo le céad bliain
Tugaim barróg dos na clocha
In abhainn chaoin an Chamaigh

I gcoim na hoíche cloisim iad
Coiscéimeanna Lily ag cnagadh
Agus focail na mban ar fad, iad teann, iad ag brú:
We came out with you, we will surrender with you.

Tá na laethanta ag druidim isteach anois
Agus sleamhnaím chuig an bhfuinneog
Cluas orm do choiscéimeanna Lily
Agus í ag siúl suas an cnoc.

**Is ó dhá chuntas le Lily O'Brennan na línte iodálacha: 'Easter Week Experiences', Scéala Éireann, Aibreán 1939. Foilsíodh 'Easter 1916: The Surrender' sa Chosantóir, i Meitheamh 1947, agus déanadh athcló air san Evening Herald, Aibreán 2006. Tá an dá cheann ar fáil sna Irish Newspaper Archives, ar líne.*

dir.


am
seas-
pump

21 Bóthar Bhaile Uí Bheoláin, Baile Átha Cliath 8. Teach sábháilte agus baile Sarah agus William Mellows, tuismitheoirí beirt réabhlóidí iomráiteacha, Barney agus Liam Mellows. ("Sarah Mellows 1865-1952". *The History of na Fianna Éireann*, 16 Márta 2015).





Taobh amuigh de 103 Iostáin Rialto, Baile Átha Cliath 8. Teach sábháilte.



Leabhar Chosaint na Ríochta d'Annie O'Farrelly, 1918, 2 Iúil. [MS 47,640/2]

“Buíochas”*

[aistriúchán le Ola Majekodunmi]

Do Áine Ní Fhaircheallaigh

Pé rud atá foghlamtha agam
d’fhoglaím mé ó mhná
ó naíonán go déagóir
gach uile rud atá fios agam
tá’s agam ó mhná

Gach uile rud a d’éirigh mé as
d’éirigh mé as de bharr mná

Bhí fios agam faoin Éirí Amach
an Cogadh Cathartha
an Saorstát
bhí fios agam ar an té a scríobh an Bunreacht

Conas nach raibh eolas agam fúithi... fúthú...fúinn

Bhuail mé le mná a d’athraigh an tír seo
suite le chéile i seomraí ina sluaite
agus seomraí folmha
d’éisteamar le Chéile
bhreacamar nótaí
d’easaontaíomar
sheasamar lena Chéile
d’aontaíomar arís
bhíomar chun tosaigh

*Is the taste of freedom as sweet now
As the night you were released
Or might loneliness for us all
Override the joys of the outside world?*

Tá mé uaigneach dóibh
dos na mná narbh eol dom fúthu riamh
na cinn nár shroich mo sheomraí ranga
cuimhním ar na leathanaigh
na grianghrafanna de Mhac Piaras agus Ó Coileáin

Táim uaigneach do laethanta le hathruithe
uaigneas do gach uile rud a bhaineamar amach
agus gach rud nach bhfuil
go fóill

*I am terribly fed up and
Want to go home*

Tá an-chiall leis Anois
an chaoi inar athraíomar an tír seo
spiorad Chumainn na mBan
Inghinidhe na hÉireann
fite fuaite istigh ionam
tá mothú dualgaise
ag síneadh amach romhainn níos faide ná an baile

*Granny doesn’t give a damn who wins
So long as we have peace*

Tá sé deacair an lá a bheith againn
le cailliúint i bhfad amach inár mbun
deir mo chara liom
duais oibre mhaithe ná
a thuilleadh oibre

*Everything is in full swing
I feel quite sure the end of the Free State
Will come early in the New Year*

Uaireanta is é tús na brionglóide
ná an lár i ndáiríre

**Tá teideal an dáin tógtha ó litir a scríobh Brigid O’Mullane chuig Áine Ní Fhaircheallaigh tar éis bháis a máthar i 1940 [MS 47, 640/46]. Tá an teanga i gcló iodálach tógtha ó litreacha a scríobh Bríd Uí Chonghaile chuig Ní Fhaircheallaigh, agus ó Ní Fhaircheallaigh chuig a deirfiúr, Margaret. [MS 47,640/27; MS 47,640/17]*


They are waiting for this
letter so — adios

Yours & love

Rita

Please write

Litr chuig Annie O'Farrelly óna deirfiúr Rita i bPríosún Mhuinseo
ag cur síos ar a tréimhse choinneáil agus ag seoladh grá chuig a
teaghlach, 1922, 10 Samhain. [MS 47,640/15]



Léiriú den léarscáil dhigiteach ar tháifead mé sainchomharthaí agus suíomhanna a bhain leis an tionscadal.

Scan chun éisteacht



Radical!

Women and the Irish Revolution
leis an tsraith podchraoltaí

Tagairtí Roghnaithe agus Tionchair

[aistriúchán le Clíodhna Ní Chorráin]

@EemerEivers. “Any historians on here able to explain this? Julia Grenan’s details were gradually (shamefully) fading off her joint headstone with Elizabeth Farrell [sic]. Now she’s been totally wiped off, relegated to an ornament, & no reference to their relationship. Farrell [sic] was infamously wiped...from the 1916 surrender photo. Now her life partner and fellow Cumann na mBan member has literally been wiped (2nd photo, taken today) from their joint headstone. WTF? Erasure of non-conforming women continues”. *Twitter*, 27 Nollaig 2021, 12:27 i.n.

@MaryMcAuliffe4. “1/As promised, I will showcase some of my research on the Irish female revolutionary same-sex couples. First, it’s Elizabeth O’Farrell and Julia Grenan, who are described as ‘lifelong friends’. below, left Elizabeth, right Julia #Pride2022 #pridemonth2022 #irishwmnhist. *Twitter*, 7 Meitheamh 2022, 9:14 r.n.

@MaryMcAuliffe4. “5/ the new headstone to Julia is quite nice in itself, acknowledges her membership of Cumann na mBan & should remain also, but the original, & historic, inscription on the original headstone ‘And her faithful comrade and lifelong friend, Sheila Grenan’ needs to be reinstated ASAP!”. *Twitter*, 28 Nollaig 2021, 8:48 r.n.

“A Walk - Suiteán leis an ealaíontóir Joanne Byrne” www.richmond Barracks.ie, 3 Deireadh Fómhair 2019.

Byrne, Joanne. *A Walk*. 2019, Dún Richmond, Baile Átha Cliath.

“Ceannt Fort/Dún an Cheanntaigh”. *Google Maps*, www.google.com/maps/place/Ceannt+Fort.

“Centenary Celebration”. *Nuachtlitir Phobail Chumann Cónaitheoirí Dhún an Cheanntaigh*. Gan dáta.

“Caibidil 15: Oidhreacht Seandálaíochta”. *Ráiteas Tionchair Timpeallachta*, Bord Forbartha an Ospidéal Náisiúnta Phéidiatraicigh, lth 15-11.

Clarke, Jane. “In Glasnevin, a new poem by Jane Clarke”. *The Irish Times*, 5 Márta 2016.

Dorgan, Theo. “Rising poem: Elizabeth O’Farrell commemorated by Theo Dorgan”. *The Irish Times*, 28 Aibreán 2016.

English, Eoin. “Refusal to rename road ‘disrespectful’ to women of Irish revolution, says Cork councillor”. *Irish Examiner*, 2 Márta 2017.

Evans, Walker. “Walker Evans: The Interview with Leslie George Katz.” 1971. *Walker Evans: The Interview*, Eakins Press, 2019.

“For the Love of the Game”. *City Seeker*, gan dáta.

“Fort”. *Oxford English Dictionary*, www.oed.com.

“Fortress”. *Oxford English Dictionary*, www.oed.com.

Gillis, Liz. *Women of the Irish Revolution*. 2014. Mercier Press, 2016.

“In Memory of Eva Gore-Booth and Con Markievicz. www.scoilnet.ie

Irvine, Jaki. *Days of Surrender*. Copy Press, 2013.

Lane, Leeann. *Dorothy Macardle*. UCD Press, 2019.

—. “Dorothy Macardle: De Valera’s friend no exemplar of his ‘ideal woman’”. *The Irish Times*, 4 Nollaig 2019.

McAuliffe, Mary, and Liz Gillis. *Richmond Barracks 1916: We Were There: 77 Women of the Easter Rising*. Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, 2016.

McCooile, Sinéad. “Healthcare in the War of Independence: St Ultan’s children’s hospital”. *The Irish Times*, 21 Eanáir 2019.

—. *No Ordinary Women: Irish Female Activists in the Revolutionary Years 1900-1923*. Wisconsin UP, 2003.

McCormack, Katherine, eagarthóir. *The Book of Saint Ultan: A collection of Pictures and Poems by Irish Artists and Writers*. Candle Press, 1920.

McMenamin, Aura. “Social housing development named after historical figure”. *The Echo*, 8 Márta 2018.

Murphy, Eamon. “Sarah Mellows – 1865-1952”. *The History of Na Fianna Éireann*. www.fiannaireannhistory.wordpress.com, 16 Márta 2015.

O’Brennan, Lily. “1916: The Surrender”. *Evening Herald*, 15 Aibreán 2006.

—. “Easter Week Experiences”. *Irish Press*, 13 Aibreán 1939.

“Report to Area Committee Poplar Row”. www.councilmeetings.dublincity.ie, 5 Meán Fómhair 2018.

“Richmond Barracks to Kilmainham Walking Tour”. *Richmond Barracks*, 5 Meán Fómhair 2021.

Ward, Margaret. “House and home—An Irishwoman’s Diary on the Tenters in Dublin”. *The Irish Times*, 24 Meán Fómhair 2018.

Way: Cumann na mBan An Cuarbhóthar (2309535) Leagan #10. *Open Street Map*, www.openstreetmap.org.

Wilson, Jade. “Overgrown weeds at Deansgrange Cemetery ‘very hurtful to families’”. *The Irish Times*, 24 Meitheamh 2021.

Tagairtí Roghnaithe ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

[aistriúchán le Clíodhna Ní Chorráin]

MS 31,468. Gearrtháin nuachtáin ó ‘The Irish Press’ de ‘The great story of the Rising: Easter Week day by day’ le Dorothy Macardle, 1933 17-22 Aibreán.

MS 41,480/5/18. Litir ó Mhicheál [Michael Kent] chuig Fanny [Áine Ceannt] ag guí beannachtaí na Nollag uirthi agus í ina teach nua, agus ag trácht ar lúcháir Kitty [Kathleen O’Brennan] maidir leis an chéad urlár de 44 [Oakley Road, Raghmallach], Ceannt and O’Brennan Papers 1851-1953, Nollaig 1939.

MS 41,486/2/9. Leabhar cuntais ón Royal Liver Friendly Society, 1935-1939, Ceannt and O’Brennan Papers 1851-1953.

MS 41,501/3/19. Cóip chlóschríofa den dán ‘Austin Stack’, Ceannt and O’Brennan Papers 1851-1951, 1929 29 Aibreán.

MS 47,640/2. Leabhar Chosaint na Ríochta d’Annie O’Farrelly, 1918, 2 Iúil.

MS 47,640/15. Litir chuig Annie O’Farrelly óna deirfiúr Rita i bPríosún Mhuinseo ag cur síos ar a tréimhse faoi choinneáil agus ag seoladh grá dá teaghlach, 1922, 10 Samhain.

MS 47,640/17. Litir go Margaret O’Farrelly ó Annie O’Farrelly maidir le baill teaghlaigh agus cúrsaí polaitíochta an lae, 1922, 14 Nollaig.

MS 47,640/27. Litir ó Brigid Connolly chuig Annie O’Farrelly ag fiosrú faoina saorú ón bpríosún, 1923, 19 Deireadh Fómhair.

MS 47,640/46. “An Appreciation” scríofa i gcuimhne ar Annie Farrelly nach maireann, máthair Annie O’Farrelly, 1940, 25 Eanáir.

NPA POLF234: *Pearse’s Surrender* [grafaic] 1916, 29 Aibreán.

Nótaí Buíochas

[aistriúchán le Clíodhna Ní Chorráin]

“I think the artist’s famous ‘solitude’ is a vacuum. Psychologically you are communing and sharing with someone else, several others, that is.”—Walker Evans, Walker Evans: The Interview, foilsithe don chéad uair i 1971.

Mar eagarthóirí, tá muid fíorbhuíoch dár gcomhoibrithe ar an tionscadal aistriúcháin seo: Shauna Buckley, Julie Breathnach-Banwait, Celia de Fréine, Ola Majekodunmi, Caitríona Ní Chléirchín, Ursula Ní Choill, Clíodhna Ní Chorráin, Annemarie Ní Churreáin, Éilís Ní Dhuibhne, Ciara Ní É, agus Clíona Ní Ríordáin. Ba mhaith linn, chomh maith, ár mbuíochas a ghabháil leo siúd a chomhoibrigh ar an bhuntionscadal Béarla: Susan Cahill, Alice Rekab, Seán Hewitt, agus Fehdah.

Tháinig tacaíocht i rith an bhealaigh don tionscadal seo ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, ó MNÁ100, ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, agus ó Poetry Ireland/Éigse Éireann, agus tá buíochas ar leith ag dul do Kate Nevin, Sinéad McCooole, Audrey Whitty, agus Liz Kelly. Buíochas chomh maith le Katherine McSharry, Katie Foley, Emma Conway, Leah Leslie, Nora Thornton, Joanne Carroll, Bríd O’Sullivan, Elizabeth Coffey, Ciara Kerrigan, Maeve Casserly, Anne Brady, Liam Murphy, Sophia O’Brien, Martin Donnelly, Paul Bobotan, John Warren, Mark White, Catherine Heaney, agus Stephen Moloney as a gcuid tacaíochta i rith an ama.

Ár mbuíochas leo siúd a spreag an tionscadal ar bhealaí tábhachtacha: Sarah McKibben, Julia Obert, Kelly Sullivan, Brendan Corcoran, Liz Gillis, Sandra Collins, Breffni O’Malley, Michael Hill, Adam Hanna, Korey Garibaldi, Colleen Taylor, Margaret Kelleher, Jo Melvin, Billy Shortall, Keelin Burke, Emily Altman, Catherine Wilsdon, Lucy Collins, Roisín Kennedy, Maebh Harding, Maureen Kennelly, Aoife O’Donoghue, Jim Culleton, Barry McCrea, Niamh O’Donnell, Evelyn Flanagan, an tAmbasadóir Akhilesh Mishra, Reeti Mishra, Niamh Murtagh, Mary Hendriksen, Benedict Schlepper-Connolly, Ian Dunphy, Poetry As Commemoration, Músaem Litríochta na hÉireann, an Keough-Naughton Institute for Irish Studies, Dublin Book Festival, an Newberry Library, Chicago, agus Comhlacht Cultúir Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Mar fhocal scoir, do na mná agus a muintir a spreag na dánta seo: Áine Ceannt, Kathleen Clarke, Madeleine ffrench-Mullen, Rosie Hackett, Helena Molony, Julia Grenan, Lily O’Brennan, Elizabeth O’Farrell, Annie O’Farrelly, Kathleen Lynn, Dorothy Macardle, Jinny Shanahan, agus na mná radacacha, gníomhacha ar fad ón dtréimhse sin agus ó shin i leith.

Nótaí Beathaisnéise

Is stiúrthóir agus dearthóir ealaíne Éireannach í **Shauna Buckley**, atá lonnaithe i Londain faoi láthair. Féiniúlachtaí físiúla, dearadh eagarthóireachta agus ábhar clóite atá mar speisialtóireachtaí aici, ach cloíonn sí le cleachtas ilchineálach d'aon ghnó, agus í ag obair go háitiúil agus go hidirnáisiúnta thar thionscadail de gach scála agus tionscal.

Is leabharlannaí í **Aedín Ní Bhróithe Clements**, a d'oibrigh i Leabharlanna Hesburgh, Ollscoil Notre Dame. Baile Átha Cliathach is ea í atá ina cónaí sna Stáit Aontaithe.

Is scríbhneoir dátheangach í **Julie Breathnach-Banwait**. Tá dhá chnuasach filíochta léi i gcló ag Coiscéim, *Dánta Póca* agus *Ar Thóir Gach Ní*. I mbliana beidh cnuasach prósfhílochta dátheangach léi á chur i gcló san Astráil darbh ainm *Cnámha Scoilte*. Tá cónaí uirthi sa Tasmáin lena clann.

Scríobhann **Celia de Fréine** in iliomad seánraí i nGaeilge agus i mBéarla. Is é *Aoi ag Bord na Teanga* (LeabhairCOMHAR) an leabhar is déanaí óna peann.

Is craoltóir, scríbhneoir agus léiritheoir í **Ola Majekodunmi** as Baile Átha Cliath d'oidhreacht Nigéarach. Tá dán Gaeilge scríofa aici (Gruaig na mBan Dubh) atá foilsithe san leabhar nua, *Cnámh agus Smior* agus a bhí le cloisint ar *Meascra* ar RTÉ RnaG.

Is file, acadóir agus gníomhaí í **Julie Morrissy**. Ó 2021-2022, ba í an chéad Fhile Cónaithe í ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

Is file gradamúil, criticeoir, agus léachtóir Gaeilge í **Caitriona Ní Chléirchín** in DCU. Tá ceithre leabhar filíochta foilsithe aici: *Crithloinnir* (2010) agus *An Bhrídeach Sí* (2014), *The Talk of the Town* (The Gallery Press, 2020) agus *Safó* (2020).

Is as Bré, Co. Chill Mhantáin í **Ursula Ní Choill** agus tá sí i mbun taighde dochtúireachta ar leasú bunreacht a Scoil an Dí, Coláiste na Tríonóide. Is céimí le Béarla agus Gaeilge í a chaith seacht mbliana ag obair i dTeach Laighean mar chúntóir parlaiminteach.

Is teagascóir Gaeilge í **Clíodhna Ní Chorráin** in Ollscoil Ottawa, Ceanada. Chaith sí an bhliain anuraidh ag teagasc Gaeilge ar scoláireacht Fulbright in Ollscoil Notre Dame sna Stáit Aontaithe. Is saoraistritheoir í Ní Chorráin, mar aon le láithreoir agus léiritheoir cunta teilifíse. Tá an dúshuim aici i gcearta teanga, agus is gníomhaí í leis an Dream Dearg.

Is as Dún na nGall í an file, **Annemarie Ní Churreáin**. I measc an ábhair atá foilsithe aici tá *Bloodroot* (Doire Press, 2017), *Town* (The Salvage Press, 2018) agus *The Poison Glen* (The Gallery Press, 2021). Tá sí ag obair mar eagarthóir filíochta ag *The Stinging Fly*. Le tuilleadh eolais a fháil téigh chuig www.studiotwentyfive.com.

Scríobhnóir í **Éilís Ní Dhuibhne** a shaothraíonn i mBéarla agus Gaeilge. Tá os cionn 30 leabhair foilsithe aici. Ar na cinn is déanaí tá *Selected Stories* (Blackstaff 2023) agus *Fáinne Geal an Lae* (CIC 2023). Tá sí ina ball d'Aosdána agus ina huachtarán ar An Cumann Le Béaloideas Éireann.

Is scríbhneoir dátheangach í **Ciara Ní É**. Bunaitheoir an oíche filíochta REIC í chomh maith le chomhbhunaitheoir an chomharghrúpa LADTA+ AerachAiteachGaelach.

Is ollamh í **Clíona Ní Ríordáin** in ollscoil Notre Dame, áit ina mhúineann sí Léann na hÉireann. Mar aistritheoir, oibríonn sí le Gaeilge, Fraincís, agus Béarla. Is iad *Plus loin encore*, Gerry Murphy (Circe 2022) agus *Scattered Love*, Maylis Besserie (Lilliput 2023) na leabhair is déanaí atá foilsithe aici.



Am féidir leat é a shamhliú?